**Bainisteoir Cumarsáide Inmheánaí**

## Próifíl an Róil

### A. Sonraí

| | |
|---|---|
| Post: | Bainisteoir Cumarsáide Inmheánaí |
| Grád | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Coibhéis lánaimseartha | Lán-aimseartha (35 uair sa tseachtain) |
| Ag tuairisciú do: | Stiúrthóir Cumarsáide |
| Fad: | Buan |

### B. Forbhreathnú ar an Rannóg agus ar an Ról

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht rialtais náisiúnta atá freagrach as na healaíona in Éirinn a mhaoiniú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is é an ról atá aici ná ionadaíocht a dhéanamh, infheistíocht a dhéanamh, agus obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile, le timpeallacht ealaíon spleodrach a chruthú i gcroílár shochaí na hÉireann. Arna bunú le Reacht thiar in 1951 í, treoraítear an Chomhairle Ealaíon leis an Acht Ealaíon 2003 agus is comhlacht saineolach, neamhspleách í.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhfuil tionchar lárnach sainiúil ag na healaíona ar an tsochaí fhorásach seo. Is é an príomhchúram straitéiseach atá againn faoi láthair tacú le healaíontóirí, rannpháirtíocht an phobail, infheistíocht straitéiseach; pleanáil spásúil agus dhéimeagrafach; agus acmhainneacht a fhorbairt.

Tá obair na Comhairle Ealaíon bunaithe ar shraith luachanna, ina measc sin tá an tsaoirse smaointeoireachta agus tuairimíochta; tiomantas do bharr feabhais; ionracas, freagracht agus trédhearcacht; meas ar ilchineálacht agus ar chomhghleacaíocht.
Tá deis spreagúil i ndiaidh teacht chun cinn inár Rannóg Cumarsáide.

Ba mhaith leis an gComhairle Ealaíon **Bainisteoir Cumarsáide Inmheánaí** a earcú atá ardspreagtha agus a bhfuil ardtaithí aige/aici. Beidh an t-iarratasóir rathúil ina ghairmí cumarsáide saineolach a bhfuil taithí aige ar chumarsáid inmheánach. Déanfaidh siad an fheidhm nua seo a bhainistiú agus beidh siad freagrach as cumarsáid inmheánach straitéiseach na Comhairle Ealaíon. Is éard a bheidh i gceist leis sin feachtais chumarsáide a chruthú agus a sheachadadh do chomhghleacaithe chun tacú le cuspóirí straitéiseacha eagraíochtúla na Comhairle Ealaíon a bhaint amach.
Is deis é seo le bheith mar chuid de Chomhlacht Poiblí dinimiciúil agus d’fhoireann ardspreagtha agus ghnóthach.

### C. Príomhfhreagrachtaí

- An fheidhm cumarsáide inmheánaí a bhainistiú;
- Feidhm cumarsáide inmheánaí straitéiseach a fhorbairt;
- Feachtais chumarsáide inmheánacha a sheachadadh don fhoireann;
- Tacú leis an Oifigeach Cumarsáide Inmheánaí;
- Dul i mbun plé le comhghleacaithe inmheánacha de réir mar is gá;
- Oibriú ar fheachtais chumarsáide seachtracha de réir mar is gá;

- Obair i ndlúthchomhar le baill eile de chuid na Rannóige Cumarsáide;
- Tuairisc ar shonraí agus ar léargais ón bhfeidhm;
- Cuidiú leis an Stiúrthóir Cumarsáide de réir mar is gá;
- Gníomhaíochtaí bainistíochta breise de réir mar is gá.

## D. Scileanna, Eolas agus Taithí

- Oiliúint sa chumarsáid inmheánach a bheith curtha i gcrích;
- Rath follasach maidir le gach gné den chumarsáid inmheánach a stiúradh;
- Sárscileanna cumarsáide, idir scríofa agus idirphearsanta, an cumas cásanna ina bhfuil gá le scileanna taidhleoireachta agus tuisceana a láimhseáil san áireamh;
- Taithí ar dhaoine a bhainistiú;
- Sárscileanna riaracháin agus eagrúcháin;
- Cumas láidir i dtaca le cúrsaí cruthaitheachta agus i dtaca le smaointe a ghiniúint;
- Scileanna láidre i dtaca le bainistíocht tionscadal;
- Sárscileanna TFC, sárscileanna Word, Excel agus Outlook san áireamh;
- Duine atá in ann oibriú go maith le foireann, atá féinspreagtha agus atá in ann a ualach oibre féin a láimhseáil;
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- Tá an cumas feidhmiú i nGaeilge, idir labhairt agus scríobh, inmhianaithe, ach níl sé riachtanach.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal;
- Eolas ar an earnáil phoiblí.